**Foilsiú iarratais ar fhormheas a dhéanamh ar leasú nach mion ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2023/C 287/06)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais ar leasú, de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo

IARRATAS AR FHORMHEAS A DHÉANAMH AR LEASÚ NACH MION MAIDIR LE SONRAÍOCHT TÁIRGE LE hAGHAIDH SONRÚCHÁN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT NÓ TÁSC GEOGRAFACH FAOI CHOSAINT

**Iarratas ar cheadú ar leasú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012**

**‘Huîtres Marennes Oléron’**

**Uimh. AE: PGI-FR-0591-AM02 — 26.4.2022**

**STFC ( ) TGFC (X)**

1. **Grúpa iarratasóra agus leas dlisteanach**

Groupement Qualité ‘Huîtres Marennes Oléron’ [Cumann a chuireann cáilíocht ‘Huîtres Marennes Oléron’ chun cinn]
13, rue Sergent Lecest
ZAC Les Grossines CS 60 002 – 17320 Marennes
FRANCE

Fón. +33 0546850669

Facs +33 0546853652

R-phost: **info@huitresmarennesoleron.com**

**Comhdhéanamh agus leas dlisteanach:** cumann is é an grúpa ar oibreoirí a bhfuil baint acu le táirgeadh iarbhír nó gníomhaíochtaí pacáistíochta dá bhforáiltear sa tsonraíocht iad a chomhaltaí.

Dá bhrí sin, tá an ceart dlisteanach aige leasuithe ar an tsonraíocht a iarraidh.

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Fhrainc

3. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a ndéanann an leasú (na leasuithe) difear dó**

- ☐ Ainm an táirge
- ☒ Tuairisc ar an táirge
- ☒ Limistéar geografach
- ☒ Cruthúnas ar thionscnamh
- ☒ An modh táirgthe
- ☒ Nasc
- ☒ Lipéadú
- ☒ Eile: cuir i láthair agus cuspóirí an chumainn a scriosadh, sonraí teagmhála an údaráis inniúil sa Bhallstát agus sonraí teagmhála a chuid comhlachtaí cigireachta agus riachtanais náisiúnta a chur leis.

([1]) IO L 343 an 14.12.2012, lch. 1.

4. **Cineál an leasú nó na leasuithe**

☒ Leasú ar an tsonraíocht táirge de STFC nó TGFC cláraithe nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

☐ Leasú ar an tsonraíocht táirge de STFC nó TGFC cláraithe nár foilsíodh Doiciméad Aonair (ná doiciméad coibhéiseach) ina leith nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

5. **Leasú nó leasuithe**

5.1. *Leasuithe a dhéanann difear d'eilimintí criticiúla*

— An roinn dar teideal 'Tuairisc ar an táirge'

Cuireadh tréimhse margaíochta ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Bealtaine leis.

Níl aon fhoráil sa tsonraíocht chláraithe maidir le hoisrí atá cumhdaithe ag an TGFC a chur ar an margadh. Dá bhrí sin, cuireadh dátaí breise margaíochta léi.

Tá an leasú seo i gcomhréir leis an gcleachtas gairmiúil: le linn an tsamhraidh, tá sé fíordheacair oisrí a aibiú i mbeirtreacha toisc go mbíonn teocht ard ar an uisce sna beirtreacha agus go bhfuil riosca méadaithe báis ag baint leis sin. Ina theannta sin, ní dhéantar aon mhargaíocht ar 'pousse en claires', arb iad na sainoisrí a phóraítear i mbeirtreacha, le linn an tsamhraidh.

Leasaíodh an doiciméad aonair (pointe 3.2) dá réir.

— An roinn dar teideal 'Modh táirgthe'

An fhoroinn dar teideal 'Oisrí a aibiú agus a phórú i mbeirtreacha'

Leasaíodh na coinníollacha aibíochta.

Cuireadh tréimhse dlúis 21 lá/2 kg/m$^2$ leis agus scriosadh an t-idirdhealú idir tréimhsí an tsamhraidh agus an gheimhridh i leith na tréimhse dlúis le haghaidh aibíochta. Sa tsonraíocht táirge nua, tá feidhm ag na rialacha aibíochta céanna gan beann ar an séasúr. Is é is cuspóir don leasú seo cur ar chumas oibreoirí a gcuid rialacha aibíochta a roghnú go neamhspleách ó shéasúir an tsamhraidh agus an gheimhridh, agus ligean dóibh dul in oiriúint do dhálaí aeráide atá ag athrú dá réir. Ligeann sé dóibh oisrí a aibiú thar thréimhsí níos giorra le linn aimsir the an fhómhair agus ag dlús níos lú chun básmhaireacht a sheachaint.

Rud breise a cuireadh isteach sna coinníollacha aibíochta is ea go mbraitheann an tréimhse aibíochta éigeantach le haghaidh gach baisc ar dhlús iomlán na beirtrí nuair a dhéantar roinnt baisceanna a aibiú in aon bheirtreach amháin ar dhátaí éagsúla. Dá bhrí sin, déantar an tréimhse a ríomh ón dáta a chuirtear gach baisc isteach san uisce.

Rinneadh anailísí céadfacha chun a mheas cé acu an mbíonn nó nach mbíonn éifeacht ag laghdú sa tréimhse íosta aibíochta le linn na séasúr ar cháilíocht an táirge. Léiríonn na torthaí nach bhfuil aon tionchar ar an táirge ag na dlúis a leagtar amach sa tsonraíocht táirge.

Ina theannta sin, cuireadh uastiúchan de 45 kg/m$^2$ sna himfhálaithe beirtreach leis.

Comhlánaíonn an fhoráil seo an córas mar sa chóimheas ama/dlúis, tagraíonn dlús don tréimhse íosta agus don íosdlús go dtí an uasdlús meánach. I gcleachtas, nuair a dhéantar oisrí a aibiú i mbeirtreacha, bíonn na hoisrí in árthaigh (i málaí, racaí, etc.). Cé nach ndéantar na málaí nó racaí a chur os cionn a chéile, is léir go bhfuil sé tábhachtach sainiú a dhéanamh ar thiúchan uasta na n-oisrí sna málaí nó ar racaí chun aon éagsúlachtaí iomarcacha i méid na n-árthaí a sheachaint.

Cuireadh leis na coinníollacha a bhaineann le glasú, agus rinneadh idirdhealú idir glasú a tharlaíonn le linn aibithe agus tar éis aibithe.

Ní chaitheann aon cheann de na leasuithe sin amhras ar shainiúlacht an táirge ná ar an nasc cúisíoch atá ann idir an modh aibíochta agus 'Huîtres Marennes Oléron'.

Maidir le pórú i mbeirtreacha, cuireadh leis go ndéanfar fómhar de láimh. Is é is cuspóir leis an leasú seo na cleachtais ghairmiúla ábhartha a leagan síos.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

— An roinn dar teideal 'toisiú, stóráil agus bailchríochnú'

I bhfianaise na dtréimhsí aibíochta samhraidh agus geimhridh a bheith scriosta, rinneadh na coinníollacha stórála agus bailchríochnaithe (ré agus dlús), a sainíodh freisin bunaithe ar na dtréimhsí sin, a fhorlíonadh agus a ath-shainmhíniú le spriocluachanna éagsúla le haghaidh oisrí a aibítear nó a phóraítear i mbeirtreacha.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

5.2. *Leasuithe nach ndéanann difear d'eilimintí criticiúla*

— An roinn dar teideal 'Tuairisc ar an táirge'

Atheagraíodh an roinn seo chun saintréithe 'Huîtres Marennes Oléron' a chur in iúl mar aon le saintréithe ainmneacha trádála na n-oisrí éagsúla a chumhdaítear leis an TGFC. Cuireadh foclaíocht úr ar na tuairisceoiri orgánaileipteacha i gcásanna áirithe i gcomhréir leis an stór focal atá de dhíth chun an tástáil orgánaileipteach a chur i bhfeidhm. Mar shampla, i gcás *fine de claires* - oisrí míne ramhraithe: 'milis' agus 'nach bhfuil chomh goirt' in áit 'cothromaithe in uisce, salann agus iaidín'; i gcás *spéciale de claire* - sainoisrí ramhraithe: tá a n-uigeacht 'teann' agus in áit 'tréan'.

Níor leasaíodh saintréithe na dtáirgí, áfach.

Scriosadh roinnt míreanna toisc nach soláthraíonn siad aon fhaisnéis bhreise ná faisnéis atá riachtanach chun cur síos a dhéanamh ar an táirge. Scriosadh an córas tagartha grianghraf chun an leagan digiteach den tsonraíocht a shimpliú.

Leasaíodh an doiciméad aonair (pointe 3.2) dá réir.

— An roinn dar teideal 'Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe é an táirge'

Cuireadh dhá chuid leis, ceann amháin a bhaineann le riachtanais dearbhaithe agus ceann eile a bhaineann le coimeád taifead. Is dóchúil go n-éascóidh na codanna úra sin cigireachtaí agus rialú cáilíochta.

Ní mór do thairgeoirí na dearbhuithe seo a leanas a chur faoi bhráid an chomhlachais:

— dearbhú lena ndeimhnítear a n-aitheantas chun tairgeoirí a údarú sula gcuirtear tús leis an gníomhaíocht ábhartha;

— dearbhú roimh ré ar shannadh na mbeirtreach;

Dearadh an dearbhú seo chun a monatóireacht níos fearr ar úsáid beirtreach a chinntiú agus chun seiceálacha a dhéanamh ar tháirgeadh leapacha oisrí. Cumhdaítear cur i bhfeidhm oibríochtaí aibíochta, póraithe agus stórála a dhéantar i mbeirtreacha.

— Dearbhú díolacháin

Dearadh an dearbhú seo chun líon na dtáirgí TGFC a dhíoltar mar aon leis an meánphraghas i ngach catagóir díolacháin a fhionnadh le himeacht ama, chun díolacháin TGFC a mheas. Déantar na heilimintí sin a thiomsú agus cuireann an grúpa i láthair iad gach bliain ina thuarascáil bhliantúil chun forbhreathnú cuimsitheach ar staid eacnamaíoch earnáil TGFC a sholáthar.

I dtéarmaí coimeádta taifead, forlíonadh a bhfuil sa chlár loingseoireachta chun gur féidir monatóireachta a dhéanamh ar na coinníollacha stórála agus bailchríche roimh sheoladh.

Cuireadh pointe leis a thugann le fios nach mór gach cáipéis clárúcháin agus monatóireachta a choinneáil ar an láthair chun go mbeidh teacht ag oifigigh cigireachta orthu.

Scriosadh na cuspóirí ginearálta maidir le hinrianaitheacht, mar aon leis na forálacha maidir le marcáil sláinte atá mar chuid de na ceanglais rialála.

Coimeádadh na táblaí inrianaitheachta ó bhun aníos agus ó bharr anuas agus na léaráidí comhfhreagracha. Scriostar na forálacha maidir le hionaid díolacháin ós rud é nach mbaineann siad leis an inrianaitheacht, ach is mó gur moltaí go pointe áirithe agus ceanglais go pointe eile iad maidir leis na táirgí a chur ar an margadh nach ndéanann aon difear do shaintréithe na dtáirgí.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

— An roinn dar teideal 'Modh táirgthe'

— An fhoroinn dar teideal 'Roghnú roimh oisrí a chur i mbeirtreacha'

Leagtar amach sa tsonraíocht chláraithe nach gceadaítear ach oisrí a phóraítear ar chósta na Fraince (ó theorann na Spáinne go dtí theorann na Beilge) a chur i mbeirtreacha. Níl aon athrú ar an bpointe sin.

Tugann an tsonraíocht chláraithe údar do thionscnamh oisrí bunaithe ar an stair agus an traidisiún, cuireann an dréacht-shonraíocht leis sin trí shonrú 'forbraíodh na locháin tógála ar chósta na Fraince (ó theorann na Spáinne go dtí theorann na Beilge) le linn na 1970idí, de bharr thionscnaíocht na dtairgeoirí oisrí i gcuan Marennes Oléron, a bhfuil a dtáirgeadh bunaithe ar oisrí a chur i mbeirtreacha. Ina dhiaidh sin, roghnaíonn roinnt tairgeoirí oisrí arna bpórú i locháin eile, a bhfuil inacmhainneacht fáis níos airde agus níos tapúla acu, a shaothrú nó a fháil. Leis an soláthar sin d'oisrí atá réidh don mhargadh a phóraítear ar chósta na Fraince (teorann na Spáinne go dtí theorann na Beilge) bhíothas in ann an earnáil a fhorbairt agus saintréithe na n-oisrí a aithint tar éis dóibh aibiú nó a bheith póraithe i mbeirtreacha mar "pousse en claires".

Tá an sainmhíniú ar an tréimhse póraithe (oisrí arna bpórú ar chósta Atlantach na Fraince) bunaithe ar Airteagal 38(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013.

Sonraítear na critéir a bhaineann le hoisrí a roghnú sula gcuirtear i mbeirtreacha iad: cuireadh an abairt "roghnaítear an t-oisre ag an gcéim réidh don mhargadh le meáchan 30 g ar a laghad in aghaidh an aonaid" in ionad "roghnaítear an t-oisre ag an gcéim fhásta sa tríú bhliain go ginearálta" Foclaíocht úr atá i gceist leis sin níos mó ná leasú, os rud é go bhfuil an critéir meáchain san áireamh sa tsonraíocht chláraithe cheana féin.

Leasaíodh an doiciméad aonair (pointe 3.4) dá réir.

Scriosadh na pointí maidir leis cáilíocht na blaoisce agus an cuma orgánaileipteach a bhíonn na n-oisrí a chuirtear i mbeirtreacha, os rud é go mbaineann na pointí sin le dea-chleachtas gairmiúil agus ní oibleagáidí iad.

— An roinn dar teideal "Nasc"

I neart fo-ranna den tsonraíocht reatha, tugtar tuilleadh sonraí faoi na heilimintí a bhaineann leis an nasc idir an táirge agus a thionscnamh geografach. Cuireadh i ngrúpaí éagsúla iad agus rinneadh achoimre orthu sa roinn "Eilimintí lena dtugtar údar leis an nasc leis an gcomhshaol geografach" den tsonraíocht táirge.

Cuireadh atheagar ar na heilimintí sin chun trí chuid a dhéanamh díobh chun idirdhealú a dhéanamh idir sainiúlacht an limistéir gheografaigh, sainiúlacht an táirge agus an nasc cúisíoch. Ina theannta sin, cuirtear mír réamhráiteach isteach chun bunús an naisc leis an tionscnamh geografach a chur i láthair.

Tá an nasc leis an suíomh geografach bunaithe ar chlú agus saintréithe ar leith de chuid "Huîtres Marennes Oléron" mar thoradh ar thosca nádúrtha agus daonna a thagann le chéile sa limistéar geografach. Mar gheall ar na dálaí aeráide agus ithreach, tá an comhshaol áitiúil fabhrach d'fhorbairt oisrí sa réigiún seo. Mar gheall ar ghníomhaíocht an duine, trí phleanáil spásúlachta, bhíothas in ann feirmeoireacht oisrí shonrach a fhorbairt a bhfuil a táirgeadh bunaithe ar úsáid beirtreach agus dá bhrí sin seasann siad amach go horgánaileipteach.

I gcomparáid leis an bhfarraige oscailte, is timpeallacht an-sonrach iad beirtreacha mar gheall ar na saintréithe geoiceimiceacha a bhaineann leo: timpeallacht ina bhfuil líon mór mianraí atá saibhir ó thaobh cothaithigh le leibhéil ísle uisce, moirtiúlacht íseal agus athnuachan uisce cioglach. Ainmhí scag-bheathaitheacha is iad oisrí a bhfuil cumas coimeádta ard acu, a thairbhíonn go héifeachtach den soláthar cothaitheach sin a bhaineann go sonrach le beirtreacha.

Leasaíodh an doiciméad aonair (pointe 5) freisin chun é a chur ar aon dul le foclaíocht na roinne seo sa tsonraíocht táirge. Athscríobhadh é chun aird a tharraingt go sonrach ar an ngné "clú" a áirítear freisin sa tsonraíocht a cláraíodh in 2009 (Rialachán (CE) Uimh. 98/2009 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2009).

— An roinn dar teideal "Lipéadú"

Scriosadh an oibleagáid chun margaíocht a dhéanamh ar oisrí ag baint úsáide as lógó ar leith "Huîtres Marennes Oléron" mar aon leis na heilimintí cló comhfhreagracha.

Leasaíodh an doiciméad aonair (pointe 3.6) dá réir.

5.3. *Leasuithe ar an bhfoclaíocht*

Sa roinn "Údarás inniúil an Bhallstáit", cuireadh isteach sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*l'Institut national de l'origine et la qualité - INAO*) mar údarás inniúil an Bhallstáit, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

Sa roinn "Grúpa iarratasóra", scriosadh an tuairisc a bhaineann leis an ngrúpa iarratasóra mar aon leis an téacs a bhaineann leis na conarthaí lena mbaineann agus raon feidhme an TGFC.

Scriosadh léarscáil an limistéir gheografaigh ón roinn "Limistéar geografach". Cuirtear abairt isteach a thugann le fios gur féidir na doiciméid chartagrafacha lena léirítear an limistéar geografach a cheadú ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

Scriostar an chuid míniúcháin agus an tuairisc ar an limistéar (faisnéis ghinearálta faoi gheografaíocht, aeráid agus stair na beirtrí). Coimeádadh na heilimintí a bhaineann leis an táirge, áfach, agus áirítear iad sa roinn maidir leis an nasc leis an áit tionscnaimh.

Athbhreithníodh an cur i láthair chun liosta a thabhairt de na bardais ábhartha i gceantar Charente-Maritime i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2021. Tabhair do d'aire gur cumascadh bardais Hiers-Brouage agus Marennes, rud a chiallaíonn go bhfuil 26 bhardas ann ar an iomlán anois, seachas 27 mbardas.

Tugadh an doiciméad aonair (pointe 4) cothrom le dáta dá réir sin.

— An roinn dar teideal "Modh táirgthe"

— An fhoroinn dar teideal "Oisrí a aibiú agus a shaothrú i mbeirtreacha"

Bogadh na pointí a bhaineann le beirtreacha a aithint go dtí an roinn maidir leis an oibleagáid dearbhaithe (dearbhú roimhe ré maidir le sannadh beirtreach) agus coimeád taifead (an clár um rianú táirgí sliogéisc).

Cuireadh foclaíocht úr ar na coinníollacha maidir le beirtreacha a chothabháil chun béim a leagan ar ghné éigeantach na gcoinníollacha sin agus chun go mbeifear in ann iad a sheiceáil.

Bogadh gnéithe tuairisciúla na n-úsáidí chuig an roinn dar teideal Nasc agus scriosadh na pointí ginearálta.

— An fhoroinn dar teideal "Oisrí a roghnú tar éis a n-aibiú agus a bpórú"

Rinneadh leasuithe eagarthóireachta agus mar sin is féidir frásaí nach bhfuil gá leo a scriosadh toisc go mbaineann siad le rialacháin sláinte nó go dtagraíonn siad do chleachtais ghairmiúla nach bhfuil faoi réir seiceálacha.

— An fhoroinn dar teideal "toisiú, stóráil agus bailchríochnú"

Scriosadh athráite a bhaineann le hoiliúint foirne.

— An fhoroinn dar teideal "Pacáistiú"

Scriosadh na codanna a bhí iomlán tuairisciúil, mar aon leis na pointí a bhain go sonrach le rialacháin sláinte.

Cuireadh foclaíocht úr ar an mbonn cirt chun níos mó béim a chur ar an ngné saineolais.

— An fhoroinn dar teideal "Cur i láthair le haghaidh díolacháin chuig tomhaltóirí"

Scriosadh an chuid seo, toisc go raibh sé iomlán tuairisciúil agus toisc go raibh riachtanais rialála san áireamh léi.

Sa roinn "Comhlacht rialacháin", scriosadh ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta deimhniúcháin i gcomhréir leis na treoracha is infheidhme ag an leibhéal náisiúnta chun foclaíocht na sonraíochtaí táirge a chomhchuibhiú. Faoin roinn sin, cuirtear sonraí teagmhála na n-údarás atá freagrach as cigireachtaí náisiúnta ar fáil feasta, i.e.: an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) agus Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, Gnóthaí Tomhaltóra agus Caolais a Chosc (DGCCRF). Is féidir ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta deimhniúcháin a aimsiú ar shuíomh gréasáin INAO agus i mbunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh.

Sa roinn "Ceanglais náisiúnta", i bhfianaise na n-athruithe ar an reachtaíocht náisiúnta agus na rialacha náisiúnta, cuirtear an roinn dar teideal "Ceanglais náisiúnta" i láthair i bhfoirm tábla ina léirítear na nithe nach mór cigireacht a dhéanamh orthu agus na modhanna meastóireachta nach mór a úsáid.

Cé is moite den uasdátú ar an roinn dar teideal "Limistéar geografach", ní dhéanann na hathruithe eagarthóireachta thuasluaite aon difear don doiciméad aonair: (pointe 4).

DOICIMÉAD AONAIR

**"Huîtres Marennes Oléron"**

**Uimh. AE: PGI-FR-0591-AM02 — 26.4.2022**

**STFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

"Huîtres Marennes Oléron"

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Fhrainc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.7 Iasc úr, moilisc agus crústaigh úra agus táirgí a fhaightear uathu sin.

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is oisrí iad "Huîtres Marennes Oléron" a aibítear nó a phóraítear i mbeirtreacha, rud a idirdhealaíonn iad ó oisrí farraige oscailte.

Is saintréith de "Huîtres Marennes Oléron" cáilíocht a mblaosc (néamhann agus cruas) agus a gcur i láthair (minicíocht íseal eipeabóiseach).

Déantar "Huîtres Marennes Oléron" a mhargú ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Bealtaine.

Déantar "Huîtres Marennes Oléron" a mhargú beo agus gan phróiseáil.

Déantar "Huîtres Marennes Oléron" a mhargú leis na tásca breise seo a leanas a bhaineann leis an modh táirgthe:

— "Fines de Claires" [Oisrí míne ramhraithe] agus "Fines de Claires Vertes" [Oisrí míne glasa ramhraithe]

Mar a théann siad in aibíocht, tagann blas níos "míne" agus níos milse orthu, agus ní bhíonn siad chomh goirt. Tá innéacs cumhachta líonta (ICL) idir 7 agus 10.5 acu.

Tá na saintréithe céanna ag oisrí míne glasa ramhraithe is atá ag oisrí míne ramhraithe agus bíonn dath ghlas orthu timpeall ar na geolbhaigh, toisc go bhfuil siad aibí agus go dtagann dath ghlas orthu go nádúrtha i mbeirtreach "ghlas".

— "Spéciales de Claires" [Sainoisrí ramhraithe] agus "Spéciales de Claires Vertes" [Sainoisrí ramhraithe glasa]

Roghnaítear oisrí i ngeall ar a maothlachas, a dtiús agus a bhfeoil. Bíonn méid suntasach feola orthu (innéacs cumhachta líonta (ICL) ≥ 10.5). Mar a aibíonn siad sna lbeirtreacha, tagann uigeacht níos teinne orthu ná oisrí míne ramhraithe. Bíonn blas saintréitheach orthu de bharr tiús níos mó sa bhéal agus bíonn blas i bhfad níos milse orthu.

Tá na saintréithe céanna ag oisrí míne ramhraithe glasa is atá ag na sainoisrí ramhraithe agus bíonn dath ghlas orthu timpeall ar na geolbhaigh, toisc go bhfuil siad aibí agus go dtagann dath ghlas orthu go nádúrtha i mbeirtreach "ghlas".

— "Pousse en Claire" [Sainoisrí arna bhfás i mbeirtreach]

Póraítear na hoisrí seo i mbeirtreacha ar feadh 4 mhí ar a laghad ag dlús an-íseal; le linn na tréimhse sin, tagann sainpháitriúin lása ar a mblaoisc ar a dtugtar "líne fáis" [lignes de pousse]. Bíonn innéacs feola ard acu (innéacs cumhachta líonta (ICL) ≥ 12), bíonn siad teann agus briosc, agus bíonn dath an eabhair orthu. Fágann siad blas soiléir, marthanach sa bhéal.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór go dtarlóidh aibiú "Huîtres Marennes Oléron" nó pórú oisrí arna bhfás i mbeirtreach [pousse en claires] i mbeirtreacha atá lonnaithe sa limistéir geografach.

I gcomhréir leis an ngnáthchleachtas, ní údaraítear ach oisrí na farraige móire arna bpórú ar chósta na Fraince (ó theorann na Beilge go dtí teorann na Spáinne) a chur i mbeirtreacha.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Trí "Huîtres Marennes Oléron" a phacáistiú sa limistéar geografach, is féidir a gcáilíocht a chaomhnú agus a rialú sláinte a chinntiú mar gheall ar an luas forghníomhaithe agus is féidir tionscnamh an táirge a ráthú.

Déantar pacáistiú go tapa tar éis an uisce a bhaint (tar éis a chríochnaithe) chun úire na n-oisrí a chaomhnú ar bhealach níos fearr: Ní mór go dtiocfaidh an dáta pacála leis an dáta a baineadh an t-uisce.

Oibrithe a bhfuil oiliúint speisialta acu maidir le conas oisrí a shórtáil agus a phacáil a dhéanann an obair sin, chun iad a féin a chosaint ó na rioscaí a bhaineann le táirge deiridh atá neamhchomhlíontach a chur amach ar an margadh.

Ní mór na hoisrí a phacáil go cothrom, leis an gcomhla chuasach dírithe síos, chun na dálaí stórála is fearr a chinntiú. Déantar na pacáistí a dhaingniú go docht agus cuirtear na ciseáin in oiriúint do líon na n-oisrí a pacáistíodh, ionas nach mbogfaidh na hoisrí.

Nuair a dhéantar na hoibríochtaí sin sa limistéar geografach, le córas rialála i bhfeidhm chun a sheiceáil go ndearnadh na hoibríochtaí mar is ceart, cuirtear srian leis an riosca go mbrisfear inrianaitheacht agus, dá bhrí sin, leis an riosca calaoise.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

I dteannta leis an bhfaisnéis éigeantach a cheanglaítear leis na rialacha maidir le lipéadú agus cur i láthair táirgí bia, ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith san áireamh sna lipéid:

- ainm cláraithe an táirge: "Huîtres Marennes Oléron"
- siombail "TGFC" an Aontais Eorpaigh sa réimse amhairc céanna
- an tsonraíocht: - "arna saothrú i mbeirtreacha" (le haghaidh oisrí míne/sainoisrí ramhraithe)
- sonraíocht bhreise an táirge:
  - "Huîtres Fines de Claires" [oisrí míne ramhraithe];
  - "Huîtres Fines de Claires Vertes" [oisrí míne glasa ramhraithe];
  - "Huîtres Spéciales de Claires" [sainoisrí ramhraithe];
  - "Huîtres Spéciales de Claires Vertes" [sainoisrí glasa ramhraithe];
  - "Huîtres Pousse en Claire" [sainoisrí arna bhfás i mbeirtreach]
- Seoladh na seirbhíse tomhaltóra.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil, 2021, cumhdaítear na bardais seo a leanas leis an limistéar geografach le haghaidh aibiú i mbeirtreacha, pórú sainoisrí a fhástar i mbeirtreacha agus pacáistiú TGFC "Huîtres Marennes Oléron" i roinn Charente-Maritime:

Charente-Maritime (17): Arvert, Beaugeay, Bourcefranc-le-Chapus, (La) Brée-les-Bains, Breuillet, Chaillevette, (Le) Château-d'Oléron, Dolus-d'Oléron, (L') Éguille, Étaule, (Le) Grand-Village-Plage, (Le) Gua, Marennes-Hiers-Brouage, Moëze, Mornac-sur-Seudre, Nieulle-sur-Seudre, Port-des-Barques, Saint-Denis-d'Oléron, Saint-Froult, Saint-Georges-d'Oléron, Saint-Just-Luzac, Saint-Nazaire-sur-Charente, Saint-Pierre-d'Oléron, Saint-Trojan-les-Bains, Soubise agus (La) Tremblade.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc leis an suíomh geografach bunaithe ar chlú agus saintréithe ar leith de chuid 'Huîtres Marennes Oléron' mar thoradh ar thosca nádúrtha agus daonna a thagann le chéile sa limistéar geografach. Mar gheall ar na dálaí aeráide agus ithreach, tá an comhshaol áitiúil fabhrach d'fhorbairt oisrí sa réigiún seo. Mar gheall ar ghníomhaíocht an duine, trí phleanáil spásúlachta, bhíothas in ann feirmeoireacht oisrí shonrach a fhorbairt a bhfuil a táirgeadh bunaithe ar úsáid beirtreach agus dá bhrí sin seasann siad amach go horgánaileipteach.

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Tá cuan Marennes Oléron, ina bhfuil logáin aigéanacha, tonnghluaiseacht agus gaotha, suite taobh le île d'Oléron, gob atá thart ar 30 ciliméadar ó thuaidh go deisceart agus 10 gciliméadar ón oirthear go dtí an t-iarthar, suite ar chósta Atlantach roinn Charente-Maritime.

Tagann uisce úr isteach i gcuan Marennes Oléron ón Seudre sa deisceart agus ón Charente sa tuaisceart. Cumhdaíonn an limistéar seo 400 ciliméadar cearnach agus bhíodh sé mar chuid de Mhurascaill Santonia. Bhí an limistéar, faoi thionchar na dtaiscí siolta ón Charente agus ón Seudre, cumhdaithe le huisce sular cuireadh tús leis na hoibreacha claífoirt. Cumhdaíonn na riasca goirt limistéar iomlán de thart ar 3 000 heicteár.

Tá na taiscí siolta déanta suas d'ithir neamhscagach atá ann ón ré Cheathartha. Tá tiús de roinnt deicheanna de mhéadair ag an gciseal dríodair seo in áiteanna áirithe sa limistéar geografach.

I gcuan Marennes Oléron, ba é Charles de Oléron a chuir na chéad beirtreacha ar bhruach chlé an Seudre siar sa 16ú céad.

Tá 'Huîtres Marennes Oléron' aitheanta cheana féin toisc go ndéantar iad a aibiú i mbeirtreacha. Meastar go raibh 7 000 beirtreach ar bhruach clé na Seudre in 1738, agus bhí an téarma 'claire' [beirtreach] le feiceáil don chéad uair sa 'Dictionnaire Raisonné des Sciences, des Arts et des Métiers' in 1753.

Tá cosúlacht ar leith idir na beirtreacha a úsáideadh sa 18ú céad agus na leapacha traidisiúnta atá in úsáid inniu. Bíonn na ceisteanna céanna i gceist leo: fánaí a chothabháil, monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar uisce na leapacha, agus an riosca a bhaineann le teas agus sioc. Sa 19ú céad, rinne Coste cur síos mion ar mhodhanna táirgthe agus ar aibiú na n-oisrí i leapacha i réigiún Marennes, go háirithe, ina leabhar 'Voyage d'exploration sur le littoral de la France et de l'Italie' [Turas taiscéalaíochta feadh chóstaí na France agus na hIodáile] in 1861.

Sa 20ú céad, bhí tionchar tromchúiseach ag roinnt géarchéimeanna eipeasótacha ar tháirgeadh oisrí i gcuan Marennes Oléron. Díothaíodh an t-oisre Eorpach coiteann (*Ostrea edulis*) agus an t-oisre Portaingéalach (*Crassostrea angulata*). Thit líon na n-oisrí a bhí á n-aibiú agus á bpórú sna beirtreacha sa tréimhse ina dhiaidh sin. Ó na 1990idí ar aghaidh, rinneadh na feirmeoirí oisrí athdhearadh agus athstruchtúrú ar na beirtreacha agus dhírigh siad ar chuasoisre an Aigéin Chiúin (*Crassostrea gigas*), atá ar an gcineál oisre is coitianta a shaothraítear sa réigiún inniu.

Bíonn na beirtreacha suite faoin rabharta taoide is airde agus tagann an t-uisce isteach agus amach leis an domhantarraingt. Bíonn a struchtúr hiodrálach féin ag gach beirtreach lena bhféadfaidh an soláthar uisce agus draenáil a bhainistiú ar bhealaí éagsúla.

Ó bunaíodh na chéad beirtreacha go dtí an lá atá inniu ann, tá na tairgeoirí tar éis a gcuid taithí maidir le conas na leapacha oisrí a chothabháil agus conas aire a thabhairt dóibh a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Bíonn cothabháil tráthrialta de dhíth ó na beirtreacha chun iad a choinneáil i mbail mhaith agus chun a n-éifeachtúlacht a chothabháil.

Le monatóireacht seasmhach ar na beirtreacha, is féidir forbairt macralgaí a sheachaint, toisc go laghdófaí táirgiúlacht na leapacha oisrí agus go ndéanfaí 'tanú' ar na hoisrí i gcás go bhfásfadh siad.

Tá leagan urlár, draenáil agus ath-thuile na mbeirtreach mar chuid den obair chothabhála atá de dhíth chun an miocralga a n-itheann na hoisrí a fhorbairt, rud a ligeann dóibh dul in aibíocht nó pórú sna beirtreacha.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Is oisrí iad Huîtres Marennes Oléron a aibítear nó a phóraítear ar bheirtreacha, agus is é rud é sin a fhágann éagsúil iad ó oisrí farraige móire agus go mbíonn blas níos milse agus nach bhfuil chomh goirt orthu, sliogán ar ardcháilíochta orthu (líon íseal eipeabóiseach ar an taobh amuigh agus ciseal níos tibhe néamhainn ar an taobh istigh), lí glas timpeall ar na geolbhaigh (i gcás oisrí mín glasa ramhraithe nó sainoisrí glasa ramhraithe), agus uigeacht níos teinne acu (i gcás sainoisrí ramhraithe). Mar aon leis na saintréithe a bhaineann le haibiú i mbeirtreacha, nuair a phóraítear na hoisrí i mbeirtreacha tagann fás suntasach orthu (feoil agus blaosc), tagann uigeacht teann agus briosc orthu, dath an eabhair orthu agus blas ar leith 'leapa oisrí' orthu.

5.3. *An nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht shonrach, an clú atá ar an táirge nó saintréithe eile atá aige*

Tá coinníollacha aeráide an limistéir gheografaigh an-fhabhrach don fheirmeoireacht oisrí a dhéantar ar na riasca cladaigh agus goirt (beirtreacha le haghaidh aibithe agus saothraithe). Is é seo an príomhghníomhaíocht a dhéantar sa chuan seo a chumhdaíonn bruacha na Seudre ar an taobh ó dheas, ó Île d'Oléron ar an taobh thiar agus riasca Brouage sa lár go dtí Port-des-Barques agus île-Madam ar an taobh ó thuaidh.

Tá na saintréithe geomoirfeolaíocha agus uiscebhunaithe céanna ag na beirtreacha atá ann inniu agus a bhí ann leis na céadta bliain anuas. Tá siad suite idir an talamh agus an fharraige agus léiríonn siad saintréithe den dhá thimpeallacht sin. Tagann an t-uisce isteach iontu agus déantar iad a dhraenáil leis an domhantarraingt, ag brath ar na hathruithe a thagann ar sreabhadh na n-abhann agus na leibhéil taoide.

I gcomparáid leis an bhfarraige oscailte, is timpeallacht an-sonrach iad beirtreacha mar gheall ar na saintréithe geoiceimiceacha a bhaineann leo: timpeallacht ina bhfuil líon mór mianraí atá saibhir ó thaobh cothaithigh le leibhéil ísle uisce, moirtiúlacht íseal agus athnuachan uisce cioglach. Ainmhí scag-bheathaitheacha is iad oisrí a bhfuil cumas coimeádta ard acu, a thairbhíonn go héifeachtach den soláthar cothaitheach sin a bhaineann go sonrach le beirtreacha.

Ní choimeádann ach na beirtreacha sin a bhfuil bail mhaith orthu, a chothaítear, a ghlantar agus a thriomaítear gach bliain, na saintréithe a chinntíonn go n-athrófar agus go bhfeabhsófar na táirgí trí oisrí a chur sna leapacha.

Cabhraíonn nádúr ithreach agus mianrach na mbeirtreach le foshraith chothaitheach thábhachtach a chur ar fáil d'fhorbairt an bhia a mbíonn na hoisrí ag ithe, fíteaplanctón. Is as an gcothú ar leith sin a thagann an 'blas leapa oisrí' a bhíonn ar na hoisrí. Ina theannta sin, de ghnáth ní bhíonn an blas salainn chomh láidir sin ós rud é nach bhfuil an leibhéil salainn i mbeirtreacha chomh hard leis an leibhéal san fharraige oscailte.

D'fhéadfadh sé go mbeidh urláir agus taobhanna na mbeirtreach cumhdaithe le speiceas beantach fíteaplanctón: an diatóm *Haslea ostrearia*, ar a dtugtar an báidíneach gorm de ghnáth. Aimsíodh an diatóm seo den chéad uair i mbeirtreacha i gcuan Marennes Oléron, agus táirgeann sé an lí ghorm nádúrtha 'marennine'. Tríd an t-uisce a scagadh sna leapacha, éiríonn geolbhaigh na n-oisrí lítheach. Tagann dath glas ar na geolbhaigh nuair a mheascann an lí ghorm marennine leis an dath buí éadrom a bhíonn ar na geolbhaigh go nádúrtha.

Le linn an phóraithe sna beirtreacha, tagann ráig fáis ar shliogáin na n-oisrí, rud a thugann leid amhairc gur saothraíodh i mbeirtreacha iad. Thairis sin, méadaíonn timpeallacht an-saibhir na mbeirtreach ó thaobh dlúis phóraithe de an méid feola a bhíonn ar na hoisrí. Oisre an-fheolmhar is ea an 'pousse en claire' [sainoisrí arna bhfás i mbeirtreach] a bhfuil feoil an-teann agus an-bhriosc aige.

Téann clú na n-oisrí ó chuan Marennes Oléron siar i bhfad. In 1698, dhréachtaigh rúnaí an Chabhlaigh in Rochefort fógra maidir le Cheantar La Rochelle agus rinne sé tagairt do Marennes: *'Is baile mór é idir abhainn an Seudre agus calafort Brouage; níl talamh torthúil san áit agus ní dhéantar fíon maith ann. Déantar cuid mhór salainn ansin agus bíonn dea-cháilíocht air. Tá dea-cháil ar oisrí glasa Marennes.'*

Léiríonn dhá shliocht as 'Journal de Marennes' (an 10 Meitheamh agus an 16 Meán Fómhair 1866) an líon síor-mhéadaitheach oisrí a bhí á n-aibiú i mbeirtreacha sa gheilleagar réigiúnach. Ag tús an 20ú céad, rinneadh aon trian de tháirgeadh náisiúnta oisrí i gcuan Marennes Oléron.

Tá clú agus cáil ar 'Huîtres Marennes Oléron' go náisiúnta (suirbhé IFREMER 1997): Tá cur amach ag 74 % de thomhaltóirí ar thionscnamh na n-oisrí sin, agus is fearr le 51 % de thomhaltóirí iad ná oisrí ó réigiúin eile. Is minic go dtagraítear do 'Huîtres Marennes Oléron' i gcathracha móra, áit a bhfuil dea-cháil orthu, is cosúil. Sna cathracha móra sin, breathnaítear ar oisrí mar tháirge a bhaineann le hócáidí speisialta. Faoi na dálaí sin, bíonn tomhaltóirí sásta praghas ard a íoc orthu. I gcodarsnacht leis sin, breathnaíonn daoine atá lonnaithe gar do chuan Marennes Oléron ar oisrí mar tháirge laethúil a itheann siad go minic.

Gach bliain, cuireann feirmeoirí oisrí a gcuid 'Huîtres Marennes Oléron' i láthair ag an gcomórtas do tháirgí réigiúnacha in Nouvelle Aquitaine agus ag an Concours Générale Agricole [Comórtas Ginearálta Talmhaíochta Pháras] i bPáras agus bronntar boinn orthu.

In 2022, bronnadh na boinn seo a leanas:

— ag Concours Générale Agricole de Paris, bronnadh dhá bhonn óir ar oisrí mín ramhraithe agus sainoisrí ramhraithe, agus bonn cré-umha amháin ar oisrí míne glasa ramhraithe);

— ag comórtas Saveurs Nouvelle Aquitaine, bronnadh trí bhonn óir ar oisrí míne ramhraithe, oisrí míne glasa ramhraithe, agus oisrí arna bhfás i mbeirtreach, trí bhonn airgid ar (oisrí míne glasa ramhraithe, oisrí míne ramhraithe agus sainoisrí ramhraithe), agus bonn cré-umha amháin ar oisrí míne ramhraithe.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

https://extranet.inao.gouv.fr/fichier/CDC-IGPHMO-2203.pdf